Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14939/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0241 (COD)**

**AGRI 570**
**AGRIFIN 133**
**FIN 1296**
**CADREFIN 294**
**CODEC 1710**
**ENV 1160**
**FORETS 115**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: an tSlándáil bia agus spriocdhíriú na tacaíochta |

San iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, tá an nóta cúlra ón Uachtaránacht agus na ceisteanna treoracha don chruinniú a bheidh ag an gComhairle 17 Samhain.

**An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 - an tslándáil bia agus spriocdhíriú na tacaíochta**

Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 17 Samhain 2025, tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht plé téamach a dhéanamh maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027. Díreofar sa phlé ar an tslándáil bia agus ar an gcaoi a bhféadfaí rannchuidiú leis an gcuspóir sin trí thacaíocht ioncaim a spriocdhíriú faoin gComhbheartas Talmhaíochta. Ina theannta sin, cumhdófar leis an bplé ullmhacht maidir le slándáil bia agus cúlchistí slándála bia.

De thoradh fhogha na Rúise faoin Úcráin agus na dteannas geopholaitiúil agus trádála eile, tá an tslándáil bia i gcroílár an phlé maidir leis an talmhaíocht san Aontas athuair. Ós ghlan-onnmhaireoir mór táirgí agraibhia é an tAontas Eorpach, ní hamháin go bhfuil seasamh láidir ag an Aontas ó thaobh a shlándála bia féin de; is amhlaidh a chuireann sé go mór freisin leis an tslándáil bia ar fud an domhain. Ag an am céanna, is léir leochaileachtaí a bhaineann le táirgí áirithe, cuir i gcás leasacháin, fuinneamh agus beatha ainmhithe, de dheasca bacainní geopholaitiúla ar an trádáil. Is dúshlán atá ag dul i méid é an t-athrú aeráide don tslándáil bia san Aontas freisin.

Ina thogra le haghaidh rialachán maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 (11733/25), molann an Coimisiún nach mór do na Ballstáit a áirithiú gur ar na feirmeoirí arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht agus a rannchuidíonn go gníomhach dá réir sin leis an tslándáil bia a dhíreofar an tacaíocht ioncaim go príomha. Chuige sin, agus go háirithe chun gur féidir bia a tháirgeadh i ngach cuid den Aontas anois is choíche, thabharfaí tacaíocht do ghrúpaí éagsúla agus do limistéir éagsúla gheografacha, a mbeadh níos mó tacaíochta ioncaim ag teastáil uathu chun leanúint de bheith inmharthana.

De réir an Choimisiúin, cé go bhfuil ioncam bliantúil thart ar EUR 50,000 ag feirmeacha teaghlaigh a fhaigheann idir EUR 20,000 agus 50,000 i dtacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe, tá ioncam bliantúil thart ar EUR 150,000 ag feirmeacha a fhaigheann idir EUR 75,000 agus 100,000 i dtacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe. I bhfianaise an mhéid sin, mhol an Coimisiún laghduithe ar an méid tacaíochta ioncaim limistéar-bhunaithe is féidir le feirmeoir a fháil in aghaidh na bliana, chomh maith le caidhp iomlán ar an méid sin.

De réir sonraí ó Eurostat[1], i measc fheirmeacha an Aontais, ba iad an 19 % do na feirmeacha is mó san Aontas a bhí freagrach as níos mó ná 90 % d'aschur eacnamaíoch talmhaíochta iomlán an Aontais in 2020. Tugann na sonraí le fios gurb iad na feirmeacha is mó ó thaobh eacnamaíochta laistigh den Aontas is mó a chuireann leis an tslándáil bia ar an meán. Ós rud é gur éagsúil go mór struchtúr na feirme ó Bhallstát go Ballstát, tá sé ríthábhachtach an cothrom iomaíochta a áirithiú sa Mhargadh Aonair le comhrialacha láidre maidir le méid na tacaíochta.

Áirítear freisin sa togra maidir le Comheagraíocht na Margaí do Tháirgí Talmhaíochta tar éis 2027 (11722/25) béim níos fearr ar an tslándáil bia, go háirithe trí na bearta maidir le pleananna náisiúnta ullmhachta agus freagartha i ndáil leis an tslándáil bia agus tríd an bhféidearthacht cúlchistí táirgí talmhaíochta a bhunú. An 22 Deireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil faoin Sásra Eorpach um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia (SEUFGSB) maidir le húsáid teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide chun trédhearcacht níos fearr a áirithiú sa mhargadh, go háirithe le linn géarchéime.

Tá cur síos thíos ar na gnéithe ábhartha sa dá thogra dá dtagraítear thuas, agus moltar dhá cheist chun plé na nAirí a threorú. Na gnéithe de na tograí atá idir lúibíní, déanfar iad a chaibidil sa Chomhairle Eorpach, ós rud é gur dócha go mbeidh siad mar chuid den chaibidlíocht chothrománach a dhéanfar maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-34.

Tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe a dhíriú ar ghrúpaí sonracha nó arna bunú ar chritéir shonracha

Bheadh ar na Ballstáit anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart tacaíocht ioncaim a dhifreáil de réir grúpaí feirmeoirí nó limistéar geografach, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar ioncam na bhfeirmeoirí ó ghníomhaíocht talmhaíochta chun a áirithiú gur ar na feirmeoirí is mó atá i ngátar a dhíreofar an tacaíocht. Áirítear orthu sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, feirmeoirí óga agus nua, mná, feirmeoirí teaghlaigh nó feirmeoirí beaga, feirmeoirí a tháirgeann idir bharr agus bheostoic, nó feirmeoirí atá i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach leis an limistéar sin. Mar sin féin, má léirítear san anailís ar riachtanais ioncaim nach bhfuil gá le spriocdhíriú de chineálacha eile, ní bheidh sé éigeantach do na Ballstáit ach tacaíocht níos mó in aghaidh an heicteáir a thabhairt d'fheirmeoirí óga.

[1] Eurostat (ef_m_farmleg), táscairí feirme de réir stádas dlíthiúil an ghabháltais, an limistéir talmhaíochta a úsáidtear, chineál agus mhéid eacnamaíoch réigiún na feirme agus NUTS 2

Ina Straitéis maidir le hAthnuachan ó Ghlúin go Glúin sa Talmhaíocht an 21 Deireadh Fómhair 2025 (14410/25), mhol an Coimisiún do na Ballstáit 6 % ar a laghad de na méideanna atá imfhálaithe acu don talmhaíocht a thiomnú don athnuachan ó ghlúin go glúin.

Molann an Coimisiún uasteorainn agus íosteorainn faoina dteorannófaí an meánchabhair atá beartaithe in aghaidh an heicteáir le haghaidh tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéar-bhunaithe i ngach Ballstát. De réir an Choimisiúin, agus i gcomparáid leis na cleachtais reatha, ba dhul chun cinn a bheadh ansin i dtreo leibhéal tacaíochta níos coitinne idir na Ballstáit.

An chéimlaghdaitheacht agus uasteorannú na tacaíochta ioncaim limistéar-bhunaithe

Tacaíocht chéimlaghdaitheach a bheadh sa tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe agus thabharfaí isteach uasteorannú maidir leis an méid tacaíochta ioncaim limistéar-bhunaithe is féidir le feirmeoir a fháil in aghaidh na bliana. Bheadh an tacaíocht 100 % maoinithe ag an Aontas.

Sainmhíniú ar fheirmeoir le haghaidh tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe

Bheadh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe dírithe go príomha ar fheirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta agus a rannchuidíonn go gníomhach leis an tslándáil bia, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil an tacaíocht i gcomhréir le rialacha EDT. Measfar gur feirmeoirí freisin iad feirmeoirí beaga, nach í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht, ach a bhíonn ag gabháil d'ísleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar a laghad, má chinneann na Ballstáit amhlaidh.

Bheadh ar na Ballstáit a áirithiú faoi 2032 ar a dhéanaí, nach bhfaighidh na hiarratasóirí a bhaineann an aois scoir amach, arna cinneadh faoin dlí náisiúnta, agus a fhaigheann pinsean scoir, tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéar-bhunaithe a thuilleadh. Mar sin féin, d'fhéadfaidís tacaíocht d'fheirmeoirí beaga a fháil fós, chomh maith le híocaíochtaí eile CBT.

Íocaíocht d'fheirmeoirí beaga

Faoin togra ón gCoimisiún, bheadh ar na Ballstáit foirm shimplithe de thacaíocht ioncaim a thairiscint d'fheirmeoirí beaga i bhfoirm tacaíocht cnapshuime suas le EUR 3,000 in aghaidh na bliana. I gcás feirmeoirí beaga freisin, bheadh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh an tacaíocht dírithe go príomha ar fheirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta ar a ngabháltas agus a rannchuidíonn go gníomhach le slándáil bia. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir an tacaíocht a thugtar do ghrúpaí éagsúla feirmeoirí beaga nó do limistéir éagsúla gheografacha. D'fhéadfadh na Ballstáit critéir a leagan síos freisin chun feirmeacha an-bheag a eisiamh.

Íocaíocht i leith srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar

Bheadh ar na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil chun feirmeoirí a chúiteamh as srianta nádúrtha nó as srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar. Bheadh na Ballstáit in ann limistéir nua a bhfuil srianta sonracha orthu a chur leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha freisin, ach ní féidir níos mó ná 2 % dá limistéar talmhaíochta a úsáidtear a bheith sna limistéir nua-ainmnithe sin.

Tacaíocht ioncaim chúpláilte

Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte ar fáil d'fheirmeoirí in earnálacha sonracha talmhaíochta agus táirgí sonracha talmhaíochta, nó do chineálacha sonracha feirmeoireachta, a mbíonn deacrachtaí acu agus atá tábhachtach ar chúiseanna socheacnamaíocha nó comhshaoil. Leis an tacaíocht chúpláilte, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ioncaim bhreise bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Chaithfí an tionchar ar an margadh inmheánach a íoslaghdú.

Ón lá inniu, bheadh tacaíocht a dheonófar mar íocaíocht in aghaidh an ainmhí teoranta don mhairteoil agus don laofheoil, don bhainne agus táirgí bainne, don chaoireoil agus d'fheoil gabhair, don mhil agus do sheiriceáin. In earnálacha beostoic, bheadh ar na Ballstáit tionchair chomhshaoil a chur san áireamh, lena n-áirítear trí chritéir uasta dlúis beostoic a leagan síos i limistéir leochaileacha ó thaobh níotráite de. Féadfar tacaíocht do bharra fuinnimh agus d'fhéar fuinnimh a áireamh sa tacaíocht a dheonaítear mar íocaíocht in aghaidh an heicteáir.

D'fhéadfadh na Ballstáit suas le 20 % de mhéid na gcistí ón Aontas a leithdháileann siad ar thacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéar-bhunaithe, ar ghníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide, ar fheirmeoirí beaga agus ar íocaíocht bharrshonrach do chadás a leithdháileadh mar thacaíocht ioncaim chúpláilte. D'fhéadfaí 5 phointe céatadáin breise de thacaíocht ioncaim chúpláilte a chur leis má théann sí chuig barra próitéine, chuig feirmeoirí a dhéanann táirgeadh barr agus beostoic le chéile, nó chuig limistéir thalmhaíochta atá i mbaol a dtréigthe, go háirithe i réigiúin atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine.

Ullmhacht agus cúlchistí náisiúnta maidir le slándáil bia

Faoin togra maidir le Comheagrú na Margaí tar éis 2027, bheadh ar na Ballstáit pleananna náisiúnta ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia a ullmhú, agus a bpróifílí riosca sonracha á gcur san áireamh. An cuspóir a bheadh leis sin ná infhaighteacht, rochtain agus slándáil an tsoláthair táirgí talmhaíochta a choinneáil ar bun agus suaití sa slabhra soláthair a chosc nó a mhaolú le linn éigeandálaí nó géarchéimeanna tromchúiseacha ar na leibhéil chríochacha uile. Bheadh ar na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta nó pointe teagmhála a ainmniú a bheadh freagrach as comhordú ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún..

D’fhéadfadh na Ballstáit cúlchistí táirgí talmhaíochta atá i seilbh oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhunú le haghaidh úsáid mhíleata nó cosaint shibhialta i gcásanna éigeandála nó i ngéarchéimeanna. Bheadh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí aon saobhadh margaidh a íoslaghdú. Dhéanfaí táirgí talmhaíochta le haghaidh na gcúltaiscí a cheannach ar phraghsanna an mhargaidh, trí nósanna imeachta tairisceana. Níor mhór táirgí talmhaíochta a scaoileadh ó chúltaiscí ar an margadh ar bhealach trédhearcach, ag praghsanna an mhargaidh.

Bheadh an deis ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le gníomhaíochtaí comhordaithe chun na cúlchistí a bhunú agus a bhainistiú, agus maidir le gníomhaíochtaí chun rioscaí soláthair trasteorann a mhaolú agus leanúnachas an tsoláthair a áirithiú le linn suaití. D’fhéadfadh sé rialacha a ghlacadh freisin maidir le cur chun feidhme sásraí deonacha dlúthpháirtíochta agus cúnaimh fhrithpháirtigh trína gcuireann na Ballstáit codanna dá gcúltaiscí ar fáil do Bhallstát eile a bhfuil ganntanais thromchúiseacha ag bagairt air.

***

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas:

1. *I do thuairim, cá mhéad den chuspóir a bhaintear amach maidir le slándáil bia a neartú leis an spriocdhíriú atá beartaithe ar thacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe, chomh maith le cineálacha eile tacaíochta ioncaim, sa Chomhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027?*

2. *Cad iad na príomhrioscaí slándála bia a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu le cúlchistí táirgí talmhaíochta agus fócas margaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta á choinneáil ar bun ag an am céanna?*